# Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí

## STRAITÉIS INBHUANAITHEACHTA

## 2020 - 2022

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

QQI AWARD

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## Bord BOO Chiarraí (ó mhí an Mheithimh 2020)

An Comhairleoir Jim Finucane *(An Cathaoirleach)*
An Comhairleoir Terry O'Brien *(An Leas-Chathaoirleach)*
An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald
An Comhairleoir Maura Healy-Rae
An Comhairleoir Marie Moloney
An Comhairleoir Norma Moriarty
An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Aoife Thornton
An Comhairleoir Michael Cahill
An Comhairleoir Deirdre Ferris
An Comhairleoir Cathal Foley
An Comhairleoir Johnnie Wall
Maryanne Slattery Uasal
Catherine O'Sullivan Uasal
An tUasal Noel Keenan
Maria O'Gorman Uasal
Joan McCrohan Uasal
Zaid Kassoob Uasal
An tUasal Joseph Brennan
An tUasal Tim Daly
An tUasal John O'Roarke

## BOO Chiarraí, Meitheal Feidhmiúcháin 2020

An tUasal Colm Mc Evoy, *An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
Ann O' Dwyer Uasal, *Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil*
Maria Brennan Uasal, *Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta*
An tUasal Owen O' Donnell, *Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna*

## Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta / Grúpa Forfheidhmiúcháin (ó Mheán Fómhair 2020)

**Scoileanna, an Óige agus Ceol**
Ann O Dwyer Uasal
An tUasal Stephen Goulding
Teresa Lonergan Uasal
Doreen Killington Uasal

**Breisoideachas agus Oiliúint**
An tUasal Owen O' Donnell
Paula Tiller Uasal
An tUasal Padraig O'Briain
Siobhan O'Sullivan Uasal
Nora Knapp Uasal
An tUasal Donal Dowd

**Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta**
Maria Brennan Uasal
An tUasal Danny Kerins *(Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre)*
An tUasal Padraig O'Sullivan
Aileen O' Connor Uasal
Elaine Dreelan Jones Uasal
An tUasal Pat Slattery
Ms. Patricia Tierney Uasal
An tUasal Colm Mc Evoy

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Focal Fáilte ón gCathaoirleach | 4 |
| Focal Fáilte ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| 1. Réamhrá | 6 |
| 2. Struchtúir Eagrúcháin Feidhmiúcháin | 8 |
| 3. Ráiteas Misin agus Croíluachanna Reatha | 9 |
| 4. Cad is Inbhuanaitheacht ann? | 10 |
| 5. Cad is Straitéis Inbhuanaitheachta ann? | 11 |
| 6. Cad is Comhthéacs BOO Chiarraí ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht ann? | 12 |
| 7. Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022 | 15 |
| 8. Feidhmiú na Straitéise | 17 |
| **Sprioc Inbhuanaithe 1**: Rannpháirteachas Foirne | 18 |
| **Sprioc Inbhuanaithe 2**: Rannpháirteachas Dalta, Foghlaimeora agus Printísigh | 20 |
| **Sprioc Inbhuanaithe 3**: Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara Seachtracha | 23 |
| **Sprioc Inbhuanaithe 4**: Inbhuanaitheacht maidir le Fuinneamh | 24 |
| **Sprioc Inbhuanaithe 5**: Bainistíocht Eastáit | 26 |
| AGUISÍN I: Próiseas Forbartha Straitéise | 28 |
| AGUISÍN II: Gluais agus Liosta na bhFíoracha | 29 |
| Seirbhísí agus Láithreachta BOO Chiarraí | 30 |

# FOCAL FÁILTE ÓN gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), tá an-áthas orm fáilte a chur romhat chuig *Straitéis Inmharthanachta BOO Chiarraí 2020-2022* - an chéad straitéis inmharthanachta ceadaithe agus foilsithe ag an eagraíocht.

Cuireadh *Straitéis Inmharthanachta BOO Chiarraí* le chéile i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leis an eagraíocht ar fad agus thar an trí cholún soláthar seirbhíse i mBOO Chiarraí - Scoileanna, Óige agus Ceol, Breisoideachas agus Oiliúint agus, Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin. Agus BOO Chiarraí ag cur le chéile agus ag foilsiú na straitéise seo, aithníonn BOO Chiarraí le bród na hiarrachtaí móra atá déanta go dtí seo ag foireann, daltaí agus foghlaimeoirí chun cleachtais inmharthana a ghlacadh chucu féin agus a chur i bhfeidhm i scoileanna, ionaid agus campais. Léiríonn an straitéis an fhís agus an tiomantas atá ag BOO Chiarraí i leith cleachtais atá ann faoi láthair a láidriú agus cleachtais nua a ghlacadh chuige féin sa tréimhse trí bliana romhainn amach, agus leagtar amach plean gníomhaíochta chun tacú leis na hiarrachtaí seo.

Tá an inmharthanacht mar bhunchloch ag an bpleanáil straitéiseach in eagraíochtaí. Tá na spriocanna atá leagtha amach anseo ag teacht go hiomlán leis an naoi sprioc straitéiseach ar a bhfuil Straitéis Inmharthanachta BOO Chiarraí 2018-2022 bunaithe. Anuas air sin, tagann foilsiú na straitéise seo faoi scáth chreatlach níos leithne straitéise ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus faoi pholasaí rialtais.

Creidim go leagtar amach i *Straitéis Inmharthanachta BOO Chiarraí* spriocanna atá uaillmhianach ach réalaíoch do na blianta amach romhainn. D'fhonn an straitéis seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach beidh tacaíocht ag teastáil ó bhainistíocht, foireann, daltaí agus foghlaimeoirí. Tá muinín agam go mbeidh gach scoil, ionad agus campas de chuid BOO Chiarraí tiomanta go hiomlán do chur i bhfeidhm éifeachtach na straitéise.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus tréaslú le gach duine a bhí bainteach le forbairt na straitéise, go háirithe baill an Ghrúpa Oibre don Straitéis Inmharthanachta.

Táim ag súil le bheith ag obair le baill an Bhoird agus baill na Bainistíochta Feidhmiúcháin chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus BOO Chiarraí ag tacú go fiúntach le cleachtais agus tograí inmharthanachta ar fud Chontae Chiarraí.

**Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

# FOCAL FÁILTE ÓN bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá BOO Chiarraí sásta, agus *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022* á cur ar fáil aige, creat aontaithe a leagan amach atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta ar fud na scéime ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach.

Mar atá leagtha amach *'is ionann forbairt inbhuanaitheachta agus forbairt a dhéanann riachtanais an lae inniu a shásamh agus nach mbeadh an fhorbairt sin ag cur isteach ar ghlúnta amach anseo a gcuid riachtanais féin a shásamh.'* Beidh an sainmhíniú sin mar threoir ag BOO Chiarraí le linn shaolré na straitéise seo agus na focail sin á gcur i bhfeidhm i ndáiríre trínár bpróiseas agus bearta reatha a chur in oiriúint agus a leasú de réir mar is cuí.

Tá *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022* ag teacht leis na dúshláin atáthar ag dul i ngleic leo go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le COVID-19. Is fairsing atá agus is sciobtha a tharla an ghéarchéim de bharr na paindéime agus is mór an t-éifeacht a bhí aici. Tuigimid go mbeidh an chuid eile den bhliain 2021 mar aon leis an mbliain 2021 dúshlánach i dtaobh na heacnamaíochta agus táimid tiomanta na bearta atá leagtha amach sa straitéis seo a thabhairt chun cinn chun go mbeidh BOO Chiarraí ábalta tionchar dearfach a bheith aici, mar eagraíocht, ar chúrsaí inbhuanaitheachta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghlacadh leosan a raibh baint acu le forbairt *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022*. Is láidir a bhí an dúthracht a léirigh an Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta ar feadh an phróiseas ar fad.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ról a bhí ag daltaí, ag foghlaimeoirí agus ag Bord BOO Chiarraí, lena n-áirítear ár mBord Bainistíochta, ár mBoird um Rialú Clár, ár gCoistí Iniúchóireachta agus Airgeadais etc., i dtreo forbairt inbhuanaithe a chinntiú. Táimid ag súil go mór leanúint de thacaíocht a thabhairt daoibh go léir fad agus atá an straitéis seo á cur i bhfeidhm - agus muid ag obair i gcomhar chun forbairt inbhuanaithe a neartú.

Tuigeann BOO Chiarraí go maith gur don chéad ghlúin eile atá an todhchaí á forbairt againn agus tá sé de fhreagracht orainn an todhchaí is fearr agus is féidir linn a dhéanamh aisti - i dtaobh sochaí ar mhaithe leis an bhfoghlaim ar feadh saoil agus i dtaobh forbairt inbhuanaithe araon. Táimid ag súil le tabhairt faoin dúshlán sin.
Slán go fóill agus tugaigí aire daoibh féin.

**Colm Mc Evoy**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# 1 / Réamhrá

**An 1 Iúil 2013 a bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus tá struchtúr corparáideach aige atá comhdhéanta de Bhord atá ceaptha go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúchán) ar leith.**

Is eagraíocht ilsuímh é BOO Chiarraí agus tá áitribh aige i roinnt áiteanna ar fud na tíre ina gcuirtear Oideachas Bunscoile agus Iar-bhunscoile, Breisoideachas agus Oiliúint agus Oideachas Lasmuigh ar fáil.

Cuireann BOO Chiarraí cúrsaí ar fáil in áitribh BOO i mbailte, i bpobail agus in ionaid for-rochtana áitiúla lasmuigh de Chiarraí chomh maith.




**Fíor 1:** Láithreacha Ionaid BOO Chiarraí

Tá deiseanna oideachais agus oiliúna á gcur ar fáil ag BOO Chiarraí i láthair na huaire do bhreis is 15,000 foghlaimeoir in aghaidh na bliana. Tá breis is 1,100 ball foirne fostaithe san eagraíocht arb ionann a buiséad agus c. €67 milliún.

Léirítear i *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022* dúthracht BOO Chiarraí i leith gníomhaíochtaí a chur ar bun ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos freagraí san am atá ag teacht. Leagtar creat comhtháite sa straitéis ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a bhainistiú don eagraíocht ar fad. Eascraíonn an creat comhtháite seo as:

1. róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire
2. spriocanna straitéiseacha inbhuanaithe, agus
3. cuspóirí agus bearta uileghabhálacha, trína mbeifear ag tacú le BOO Chiarraí cur le hinbhuanaitheacht níos láidre fad agus atáthar fós ag cur sochaí foghlamtha ar feadh saoil agus thar gach réimse saoil chun cinn sa tír.

Rinneadh an straitéis seo a fhorbairt trí phróiseas comhchomhairliúcháin le daltaí, foghlaimeoirí, foireann agus príomhpháirtithe leasmhara.

# 2 / Struchtúir Eagrúcháin Feidhmiúcháin

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an BOO agus tá tacaíocht á fháil sa ról seo ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ó thriúr Stiúrthóirí, eadhon:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún seachadta seirbhísí de chuid an BOO, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach aon duine de na Stiúrthóirí, de réir Alt 16 den *Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.*

Léirítear sa chairt eagraíochta ardleibhéil seo a leanas struchtúr foriomlán eagraíochtúil BOO Chiarraí.




**Fíor 2:** Struchtúir Eagrúcháin

# 3 / Ráiteas Misin agus Croíluachanna Reatha


**An Misean**
An fhorbairt ar shochaí foghlaim feadh saoil i gCiarraí a thionscnamh agus a thabhairt chun cinn sa tslí go mbíonn teacht ag gach duine a chónaíonn i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint sin atá riachtanach chun barr a gcumais a thabhairt in inmhe agus chun freastal a dhéanamh ar a gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta agus sibhialta.

**Na Croíluachanna**
Tá ár gcuid croíluachanna dírithe ar chinntiú go bhfuil ceart ag gach duine ar rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun barr a gcumais a bhaint amach. Féachtar leis na luachanna sin a thabhairt i bhfeidhm ar gach beart a dhéanann BOO Chiarraí agus ar an tslí ina ndéantar é.

Tá sé beartaithe ag BOO Chiarraí glacadh leis an séú luach, ag teacht leis an Straitéis Inbhuanaitheachta - *Inbhuanaitheacht*.

## Inbhuanaitheacht

| | |
|---|---|
| **Cad is brí leis?** | *Táimid tiomanta do na croíluachanna maidir leis an inbhuanaitheacht i ngach ní a dhéanaimid.* |
| **Táimid ag Súil lena Leanas ónár nDaoine:** | *Tacú le húsáid acmhainní atá inbhunaithe chun an tionchar atá againn ar an timpeallacht a laghdú, ar mhaithe le go mbeidh glúnta amach anseo ábalta a gcuid riachtanais a shásamh.* |
| **Déanfaidh BOO Chiarraí na Nithe seo a Leanas:** | *Cuirfidh BOO Chiarraí an mhaoirseacht agus na hacmhainní atá de dhíth ar fáil chun a chinntiú go mbeifear i mbun rannpháirtíochta leis na spriocanna inbhuanaitheachta aitheanta agus go ndéanfar iad a sheachadadh.* |




**Fíor 3:** BOO Chiarraí - Croíluachanna Reatha

# 4 / Cad is Inbhuanaitheacht ann?

**Inbhuanaitheacht**
Díríonn inbhuanaitheacht ar riachtanais an lae inniu a shásamh gan a bheith ag cur isteach ar ghlúnta amach anseo a gcuid riachtanais féin a shásamh. Áirítear ar chroíphrionsabail na hinbhuanaitheachta:

- Teorainn a chur ar úsáid bhunacmhainní an Domhain,
- Dramhaíl a íoslaghdú,
- Talamh a shaothrú ar bhealach ciallmhar,
- Timpeallacht oibre d'ardchaighdeán a chur ar fáil.

Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin a d'aithin an Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta ar feadh an phróisis athbhreithnithe litríochta:


- Trí philéar na hinbhuanaitheachta; an timpeallacht, gnéithe sóisialta, an eacnamaíocht,
- Athrú Aeráide,
- Freagracht Shóisialta Chorparáideach,
- Truailliú,
- Caighdeán na beatha,
- Bonneagar uisce inár scoileanna/n-ionaid,
- Ag cur isteach ar ghlúnta amach anseo - gan a bheith ag maireachtáil go hinbhuanaithe,
- Iompar dúshlánach, easpa eolais,
- Bonneagar Glas agus bithéagsúlacht,
- Lorg carbóin a laghdú.

# 5 / Cad is Straitéis Inbhuanaitheachta ann?

Leagtar amach i *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022* an straitéis foriomlán a ghlacfaidh an eagraíocht sna trí bliana amach romhainn maidir le dúshláin inbhuanaitheachta.

Leagtar béim sa straitéis ar an tábhacht a bhaineann le bheith inoiriúnaithe, freagrach agus inniúil i dtréimhse lena mbaineann neamhchinnteacht nach bhfacthas riamh cheana. Cuimsítear ann na gníomhaíochtaí agus na gníomhartha ar fad a bhíonn ina mbun ar fud na scéime agus cuimsítear rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ann chomh maith. Ina theannta sin, aithnítear sa straitéis an acmhainn atá ann maidir le deiseanna agus forbairt seirbhíse nua mar gheall ar an aistriú go cleachtais ghnó níos inbhuanaithe.

Is mar seo a leanas a leagtar amach *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022*:




**Fíor 4:** Creat na Straitéise

# 6 / Cad is Comhthéacs BOO Chiarraí ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht ann?

## COMHTHÉACS ÁITIÚIL

Ó thaobh na staire bhí BOO Chiarraí páirteach in obair thairbheach agus obair a d'éirigh go maith léi i dtreo inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach. Tugtar aitheantas sa straitéis seo do na gaiscí ar fad a baineadh amach le Clár na mBratach Glas san am atá caite agus na gaiscí eile a baineadh amach trí ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht ar fud ár gcuid Scoileanna, Ionad agus Campas.

Sampla eile laistigh den Cholún Breisoideachais ná cúrsaí oiliúna a chur ar fáil maidir le fuinneamh leictreachais in-athnuaite a ghiniúint agus a thraschur.

Beidh ról ríthábhachtach ag rannpháirtíocht foirne agus foghlaimeora i dtaobh an straitéis seo a chur i bhfeidhm san am atá le teacht. Coinneofar foireann, daltaí agus foghlaimeoirí ar an eolas maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta agus spreagfar iad go gníomhach a bheith páirteach iontu chomh maith.

Tá BOO Chiarraí dírithe ar *chultúr inbhuanaithe* a neartú san eagraíocht sa chaoi is go mbeidh ár bhfoireann, ár ndaltaí agus ár bhfoghlaimeoirí ábalta smacht a ghlacadh ar a gclár inbhuanaithe féin. Bainfimid leas as saineolas inmheánach atá ann cheana agus as réitigh nuálacha ó fhoireann chun tacaíocht a thabhairt agus é sin a chur chun cinn.

Ina theannta sin, táimid tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe lenár bhfoireann, ár ndaltaí agus ár bhfoghlaimeoirí, sa chaoi is go dtabharfar an t-am agus an deis dóibh cur lena gcuid scileanna agus a gcur amach chun go mbeidh sé de chumas acu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin timpeallachta *ar feadh saoil agus thar gach réimse saoil.*

Tá Grúpa Forfheidhmiúcháin Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí tiomanta do ghnóthaí áitiúla ábhartha a aithint chun iad a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú na straitéise a chur chun cinn.

Táthar ag súil go mbeidh a leanas i measc na dtograí agus na dtionscnamh chomhroinnte;

- Fócas agus/seachadadh an oiliúint a roinnt
- Deiseanna taighde comhroinnte etc.
- Na Meabhráin Tuisceana
- Eolas comhroinnte ar chórais léarscáilíochta
- Próisis tairisceana a ghlacann fuinneamh san áireamh.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2018-2022

### Tá an Straitéis Inbhuanaitheachta suite laistigh de chomhthéacs amháin den treoir, rialúchán agus reachtaíocht réigiúnach agus náisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht ach tá sé ag teacht le *Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022* chomh maith.

Tá naoi sprioc straitéiseacha leagtha amach don eagraíocht sa Ráiteas Straitéise, is é sin le rá:

**SPRIOC 1 / Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar an Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**
Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**SPRIOC 2 / Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**
Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.

**SPRIOC 3 / Freagraí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**
Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.

**SPRIOC 4 / Rochtain agus Dul Chun Cinn**
Cuidiú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.

**SPRIOC 5 / Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**
Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.

**SPRIOC 6 / Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara**
Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí..

**SPRIOC 7 / Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**
A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.

**SPRIOC 8 / Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**
Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir.

**SPRIOC 9 / An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**
Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.

Tá gach aon cheann den chúig sprioc i *Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022* leagtha amach go cúramach chun bheith ag teacht leis na spriocanna sa Ráiteas Straitéise ar mhaithe le go mbeidh BOO Chiarraí in ann a chuid spriocanna straitéise ardleibhéil uileghabhálacha a bhaint amach.

## COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Rith Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún i Meán Fómhair 2015, trínar glacadh go foirmeálta le 'Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe'. I gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe bhí 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar atá leagtha amach i bhFíor 5 thíos..




**Fíor 5:** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna) - 17 Sprioc chun an Domhan a Fheabhsú


Cuirtear straitéisí chun cinn leis na SDGanna, straitéisí a chuidíonn le haghaidh a thabhairt réimse riachtanais shóisialta, lena n-áirítear oideachas, sláinte agus cosaint shóisialta agus deiseanna fostaíochta agus cúnamh á thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus cosaint timpeallachta. Is ionann na spriocanna seo agus glao chun gnímh ó gach tír, beag beann ar shaibhreas, chun rath a chur chun cinn fad is atá an pláinéad á chosaint.

Tuigeann BOO Chiarraí go maith an ról a chaithfidh sé a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Éirinn na gealltanas atá tugtha i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus tuigeann sé chomh maith an méid is féidir leis an eagraíocht a dhéanamh i dtaobh tacaíocht a thabhairt chun na spriocanna seo a thabhairt chun fíre in Éirinn.

Tá na spriocanna a aithníodh agus atá leagtha amach sa straitéis seo go mór faoi anáil agus ag teacht go mór le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA .

# 7 / Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022

Is iad seo a leanas na cúig sprioc a ghabhann le Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022:




**Fíor 6:** Spriocanna Straitéise Inbhuanaitheachta

Tá sraith cuspóirí, gníomhartha, róil atá leagtha amach go soiléir agus freagrachtaí le spriocanna intomhaiste gaolmhara ag gach aon sprioc.

Amlíne chomhfhreagrach maidir leis an aistear i dtreo inbhuanaitheacht níos fearr ar fud BOO Chiarraí mar a leanas:

| AMLÍNE | TRÉIMHSE |
| --- | --- |
| **Gearrthéarmach** | 3-6 Mí |
| **Meántéarma** | 6-12 Mí |
| **Fadtéarmach** | 12-36 Mí |




**Fíor 7:** Rialachas Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí


FÁILTE



# 8 / Feidhmiú na Straitéise

Déanfaidh BOO Chiarraí maoirseacht ar chur i bhfeidhm na straitéise inbhuanaitheachta mar aon le rialachas a chur i bhfeidhm ina leith agus éascóidh mionbhreithniúchán ar chúrsaí inbhuanaitheachta.

I ndiaidh cead a bheith faighte i ndáil leis an Straitéis Inbhuanaitheachta beidh feidhm ag an nGrúpa Oibre, a bunaíodh ar dtús chun an straitéis a fhorbairt, mar an Grúpa Forfheidhmiúcháin Inbhuanaitheachta (Meán Fómhair 2020).

Tá an Grúpa Forfheidhmiúcháin Inbhuanaitheachta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis, as beartas agus comhlíontacht i dtaobh sláinte & sábháilteacht chomh maith le cúrsaí timpeallachta. Cuirfidh an Grúpa, a bheidh á threorú ag ceann an Roinn CCT, le tacaíocht ón Oifigeach Inbhuanaitheachta a cheapfar, ceannaireacht inbhuanaithe agus treoir ar fáil laistigh de gach colún faoi seach. Tiocfaidh an Grúpa le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn chomh maith le feidhmiúlacht i gcomórtas leis an straitéis. Déanfaidh an Grúpa maoirseacht ar ghealltanas maidir le bainistíocht timpeallachta trí tuarascálacha a fháil ó bhainisteoirí ar bhonn ráithiúil ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh. Cuirfidh an Grúpa seo comhairle ar na Stiúrthóirí agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis na cúrsaí feidhmiúlachta ar fad agus cuirfidh siadsan tuairiscí suas chun dáta ar fáil don Bhord. Déanfar tuairisciú chuig an Aire i ndáil le dul chun cinn inbhuanaitheachta ar bhonn bliantúil mar chuid de tuarascáil bhliantúil BOO Chiarraí.

I ndeireadh an dála, is ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann ar fad atá freagracht maidir le forbairt inbhuanaithe a leabú agus maidir le bainistíocht timpeallachta éifeachtúil ina gceantar feidhme féin.

Tá Ionad ag BOO Chiarraí atá dírithe ar an Oideachas Timpeallachta i gCnoc Rír, Cill Airne, Co. Chiarraí, agus níl ann ach ionad amháin mar é san earnáil BOO. Beidh ról tábhachtach ag an Ionad maidir leis an Straitéis a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an Grúpa Forfheidhmiúcháin.

# SPRIOC INBHUANAITHE 1 / **Rannpháirteachas Foirne**

***Fócas na Sprice:*** *A chinntiú go bhfuil ár ndaoine ag cur go héifeachtúil le hardaidhmeanna agus le cuspóirí inbhuanaitheachta BOO Chiarraí.*

**A ndéanaimid:**

## SPRIOC 1 / RANNPHÁIRTEACHAS FOIRNE

**SPRIOCANNA RÁITEAS STRAITÉISE BOO CHIARRAÍ: 2 / 3 / 7 / 8 / 9**

| CUSPÓIRÍ | BEARTA | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| **Cultúr inbhuanaithe a chur chun cinn, a chothú agus tacaíocht a thabhairt don chultúr sin i measc na foirne trí dhearcthaí agus iompar na foirne a fhorbairt ar bhealach spriocdhírithe** | Oifigeach Fuinnimh/Inbhuanaitheachta BOO a cheapadh go foirmeálta. | Gearrthéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| | Inbhuanaitheacht a Chuimsiú agus a Chur Chun Cinn mar Chroíluach de chuid BOO Chiarraí agus sin a dhéanamh trí chumarsáid shoiléir. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | An teachtaireacht i Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí 2020-2022 a fhorbairt agus a chur in iúl go soiléir. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | 'Ionadaí Inbhuanaitheachta' a thoghadh/a cheapadh do gach scoil/ionad/campas agus úinéireacht maidir le hobair idirchaidrimh agus taifeadta ar thionscnaimh (beidh na hIonadaithe ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin). | Gearrthéarmach | Bainisteoirí Líne |
| | 'Foireann Ghlas' a bhunú i ngach scoil/ionad/campas chun tacú le tionscnaimh inbhuanaitheachta. | Gearrthéarmach | Bainisteoirí Líne |
| | Cultúr inbhuanaitheachta a ionchorprú i gcúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil a spreagadh, nuair atá sin praiticiúil. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Go bpléifear inbhuanaitheacht ar chlár an Bhoird, an Choiste agus ar chlár chruinnithe bainistíochta/foirne. | Gearrthéarmach | Feidhmeannach Sinsearach |
| **Leas a bhaint as cumas agus as scileanna ár bhfoireann agus iad cur i mbun oibre i gcomhar i dtreo fís, sprioc agus cuspóirí na straitéise a bhaint amach.** | Teacht a bheith ar oiliúint Inbhuanaitheachta SEAI. | Gearrthéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | 50% de chruinnithe taobh amuigh den láthair a reáchtáil ag baint úsáid as ardáin teicneolaíochta. | Gearrthéarmach | Bainisteoirí Líne |
| | Aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht mar chuid de na straitéisí, pleananna agus polasaithe nua ar fad nó athbhreithniú a dhéanamh ina leith. | Meántéarmach | Bainisteoirí Líne |
| | Polasaí maidir le Cianobair a fhoilsiú. | Gearrthéarmach | An Roinn AD |

## SPRIOC 1 / RANNPHÁIRTEACHAS FOIRNE

| CUSPÓIRÍ | BEARTA | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid shoiléir a dhéanamh maidir le róil agus freagrachtaí daoine ar fud BOO Chiarraí** | Fóram Inbhuanaitheachta a bhunú, cruinniú bliantúil a bheadh anseo chun go mbeidh na hIonadaithe Inbhuanaitheachta ar fad ábalta smaointe agus dea-chleachtas, etc. a roinnt. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Téarmaí Tagartha a aontú d'Ionadaithe Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí. | Gearrthéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| **Cur le feidhmiú éifeachtach na Straitéise Inbhuanaitheacht** | Léiriú soiléir grafach ar spriocanna, cuspóirí agus dul chun cinn (curtha in airde sna hionaid fáiltithe, ceaintíní, ranganna, ar líne, etc.) | Gearrthéarmach | An Foireann Glas |
| | Tuairisc ar dhul chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht sa Tuarascáil Bhliantúil. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |

## Spriocanna le bheith bainte amach faoi 2022

| SPRIOC | BEART |
|---|---|
| • Roinnt den fhoireann a bheith oilte ar fheasacht maidir le hInbhuanaitheacht. | Méadú 25% i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. |
| • Feabhas intomhaiste a bhaint amach maidir leis an eolas atá ag an bhfoireann ar thionscnaimh Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. | Méadú 50% i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. |
| • Feabhas intomhaiste a bhaint amach i líon foirne a bhfuil baint acu le tionscnaimh Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí agus atá rannpháirteach iontu. | Méadú 25% i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe %. |
| • Cruinnithe taobh amuigh den láthair a laghdú. | Laghdú 50%. |
| • Dámhachtain ábhartha agus éachtaí aitheanta maidir leis an Inbhuanaitheacht bainte amach ag an bhfoireann. | Le bheith aitheanta. |

# SPRIOC INBHUANAITHE 2 / **Rannpháirteachas Dalta, Foghlaimeora agus Printísigh**

***Fócas na Sprice:*** *A chinntiú go bhfuil ár nDaltaí/bhFoghlaimeoirí/nOiliúnaithe ag cur go héifeachtúil le hardaidhmeanna agus le cuspóirí inbhuanaitheachta BOO Chiarraí.*

**A ndéanaimid:**

| SPRIOC 2 / RANNPHÁIRTEACHAS DALTA, FOGHLAIMEORA AGUS PRINTÍSIGH | | | |
|---|---|---|---|
| **SPRIOCANNA RÁITEAS STRAITÉISE BOO CHIARRAÍ: 1 / 2 / 3 / 4 / 5 / 6 / 7 / 8 / 9** | | | |
| **CUSPÓIRÍ** | **BEARTA** | **AMLÍNE** | **ATÁ FREAGRACH** |
| **Deiseanna a éascú chun go mbeidh Daltaí, Foghlaimeoirí agus Printísigh BOO Chiarraí ábalta an t-eolas, na scileanna agus an taithí atá acu a fhorbairt agus a roinnt.** | Croíluachanna BOO Chiarraí a chuimsiú agus a Chur Chun Cinn - go háirithe an luach a bhaineann le hinbhuanaitheacht. | Fadtéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| | Síneadh a chur le Clár na mBratach Glas i Scoileanna agus an clár a fheabhsú. Bratacha Glasa a bhaint amach do FET. | Gearrthéarmach | Príomhoidí |
| | Clár na mBratach Glas nó a chomhionann a aithint agus a chur chun cinn sa FET. Dámhachtainí Glasa a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint a d'fhéadfadh BOO Chiarraí a bhaint amach trí chleachtaí inbhuanaithe. | Meántéarmach | Bainisteoirí Ionad |
| | Feachtais feasachta a bhunú mar is cuí (e.g. Bright Eyes) | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Rath agus torthaí thionscnamh ar bith a tugadh fúthu a chur in iúl. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Gníomhaíochtaí garraíodóireachta & gairneoireachta a fheabhsú i Scoileanna agus in Ionaid Breisoideachais agus tacaíocht a thabhairt ina leith. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Cultúr Inbhuanaitheachta a ionchorprú i gcúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil a spreagadh. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| **Ár gcuid a dhéanamh maidir leis an tsochaí a dhíriú i dtreo maireachtáil ar bhealach níos Inbhuanaithe, trí dhaoine a mhúineadh agus iad a fhorbairt chun go nglacfaidh siad ceannaireacht ar cúrsaí Inbhuanaitheachta don saol amach romhainn agus trí eolas nua a ghiniúint chun todhchaí níos inbhuanaithe a éascú agus chun tacú leis.** | Rannpháirtíocht Dhaltaí/Fhoghlaimeoirí i gComhairlí Daltaí/Foghlaimeora ábhartha a aithint agus tacú leis an rannpháirtíocht sin. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Tacaíocht a thabhairt do Scoileanna páirt a ghlacadh i gclár Take 1 BOOÉ chun spriocanna inbhuanaithe a leabú. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Daltaí, Foghlaimeoirí agus Printísigh a mhealladh chun go mbeidh siad ábalta cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar bhithéagsúlacht sna scoileanna/hionaid. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |

## SPRIOC 2 / RANNPHÁIRTEACHAS DALTA, FOGHLAIMEORA AGUS PRINTÍSIGH

| CUSPÓIRÍ | BEARTA | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| **Cultúr leanúnach Inbhuanaitheachta a neartú, a chothú agus tacaíocht a thabhairt don chultúr sin i measc Daltaí, Foghlaimeoirí agus Printísigh** | Beidh ceardlanna á reáchtáil ag Teach Chnoc Rír i ngach scoil/ionad agus ionad oibre chun béim a leagann ar an ngá atá ann feasacht agus gníomhaíocht níos mó a bheith ann maidir le hInbhuanaitheacht. | Meántéarmach | Stiúrthóir INOOL/ IOPNCA |
| | Tionscnamh GLOBE (Foghlaim Ilréimseach agus Breathnuithe Ilréimseacha ar mhaithe leis an Timpeallacht) a thabhairt isteach i scoileanna BOO Chiarraí (https://www.globe.gov/), trína gcuirfear deis ar fáil cur leis an tuiscint atá ar chóras an Domhain agus ar thimpeallacht dhomhanda ar bhealach fóinteach. | Fadtéarmach | Stiúrthóir INOOL/ IOPNCA |
| **Cur le feidhmiú éifeachtach na Straitéise Inbhuanaitheachta** | Dul chun cinn a dhéanamh maidir lena chinntiú a ndéanfaidh soláthróirí roghanna Cóir-Thrádála agus soláthróirí áitiúla a sholáthar maidir le táirgí uathdhíoltóra i Scoileanna agus in Ionaid BOO Chiarraí. | Fadtéarmach | Príomhoidí & Bainisteoirí Ionad |
| | Spriocanna agus cuspóirí na Straitéise Inbhuanaitheachta a chur in iúl. | Gearrthéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |

## Spriocanna le bheith bainte amach faoi 2022

| SPRIOCANNA | BEART |
|---|---|
| • Feabhas intomhaiste a bhaint amach maidir leis an eolas atá ag Daltaí & Foghlaimeoirí ar thionscnaimh Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. | Méadú 50% i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. |
| • Feabhas intomhaiste a bhaint amach maidir le líon na nDaltaí agus Foghlaimeoirí atá rannpháirteach agus páirteach i dtionscnaimh Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí, i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe. | Méadú 25% i gcomórtas leis an mbonnlíne bunaithe |
| • Dámhachtain ábhartha agus éachtaí aitheanta maidir leis an Inbhuanaitheacht bainte amach ag Daltaí & Foghlaimeoirí. | Le haithint |





# SPRIOC INBHUANAITHE 3 / **Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara Seachtracha**

***Fócas na Sprice:*** *Comhpháirtíochtaí tairbheacha a chothú agus a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha, a chinntiú go bhfuil ár bpáirtithe leasmhara seachtracha go héifeachtúil le hardaidhmeanna agus le cuspóirí inbhuanaitheachta BOO Chiarraí.*

**A ndéanaimid:**

| SPRIOC 3 / RANNPHÁIRTEACHAS PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA | | | |
|---|---|---|---|
| SPRIOCANNA RÁITEAS STRAITÉISE BOO CHIARRAÍ: 5 / 6 | | | |
| **CUSPÓIRÍ** | **BEARTA** | **AMLÍNE** | **ATÁ FREAGRACH** |
| **Comhpháirtíochtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a fhorbairt le páirtithe leasmhara réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta** | Croíluachanna BOO Chiarraí a chuimsiú agus a Chur Chun Cinn - go háirithe an luach a bhaineann le hinbhuanaitheacht. | Fadtéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| | Soláthróirí seachtracha a spreagadh táirgí 'cóir-thrádála', soláthróirí inbhuanaithe áitiúla agus soláthróirí inbhuanaithe deimhnithe a sholáthar. | Meántéarmach | Príomhoidí & Bainisteoirí Ionad |
| **Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le páirtithe leasmhara Áitiúla, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta chun cur le pobail níos inbhuanaithe, ar pobail iad a bhaineann leas as cleachtaí inbhuanaithe** | Dul i mbun rannpháirtíocht go gníomhach leis an Earnáil Phríobháideach agus le heagraíochtaí Inbhuanaitheacht áitiúla chun tionscnaimh Inbhuanaitheachta a fhorbairt in éindí i gceantair uirbeacha agus i gceantair phoiblí ar fud Chontae Chiarraí. | Meántéarmach/ Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Idirchaidreamh a dhéanamh le SEAI chun Tionscnaimh Inbhuanaitheachta a fhorbairt ar fud BOO Chiarraí. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Páirtithe leasmhara a d'fhéadfadh a bheith i gceist a aithint agus a bheith i mbun rannpháirtíochta leo. | Meántéarmach/ Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Leas a bhaint as caidrimh reatha le páirtithe leasmhara chun tacú le hiarratais maoinithe maidir le Inbhuanaitheacht - tograí gaolmhara. | Meántéarmach/ Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |

## Spriocanna le bheith bainte amach faoi 2022

| SPRIOCANNA | BEART |
|---|---|
| Cleachtaí inbhuanaitheachta a bheith san áireamh sna Cáipéisí Tairiscintí ar Earraí agus ar Sheirbhísí. | Méadú 50% |
| Roinnt tograí/comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla agus grúpaí pobail e.g. Bainteach sna Bailte Slachtmhara, Comhpháirtíocht SEAI, Transition Kerry, etc. | Ar a laghad 1 togra/comhpháirtíocht a aithint an Scoil/Ionad |

# SPRIOC INBHUANAITHE 4 / **Inbhuanaitheacht maidir le Fuinneamh**

***Fócas na Sprice:*** *Tionchar Inbhuanaitheachta timpeallachta a laghdú ar fud ár gcuid oibríochtaí ar fad.*

**A ndéanaimid:**

| SPRIOC 4 / INBHUANAITHEACHT MAIDIR LE FUINNEAMH | | | |
|---|---|---|---|
| SPRIOCANNA RÁITEAS STRAITÉISE BOO CHIARRAÍ: 9 | | | |
| **CUSPÓIRÍ** | **BEARTA** | **AMLÍNE** | **ATÁ FREAGRACH** |
| **Na tionchar Inbhuanaitheachta timpeallachta a laghdú ar fud ár gcuid oibríochtaí ar fad agus go háirithe mar a bhaineann sé lenár dtograí tógála agus athchóirithe** | Na háiteanna a mbeadh pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha praiticiúla agus cuí maidir le riachtanais a aithint ag Scoileanna BOO Chiarraí agus ag Ionaid FET. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Polasaí um Ghiniúint leictreachais a fhorbairt. | Gearrthéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Racaí rothar a shuiteáil de réir mar is cuí maidir le riachtanais, ag Scoileanna BOO Chiarraí agus ag Ionaid FET. | Meántéarmach | Príomhoidí/ Bainisteoirí Ionad |
| | Nach mbeadh Scoileanna ná Ionaid ag úsáid ábhar plaistigh. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Sonraí bonnlíne a bhunú do gach Ionad/Scoil maidir le húsáid acmhainní/athchúrsáil agus athúsáid. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Féachaint le páipéar atá 100% athchúrsáilte a úsáid a bhaint amach ar fud oibríochtaí BOO Chiarraí. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Sprioc bonnlíne a bhunú chun clódóireacht a laghdú ar fud BOO Chiarraí. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Tabhairt faoi athfhorbairt chun foirgnimh a aithint d'fhonn leibhéil inslithe na bhfoirgnimh sin a fheabhsú agus spriocanna leibhéil BER a leagan amach chun iad a bhaint amach. | Fadtéarmach | An Roinn CCT |
| **Tacú le tionscnaimh chun a chinntiú go sásaímid ár spriocanna um Spáráil Fuinnimh agus Astaíochtaí Carbóin** | Monatóiriú & Taifead ar thorthaí feidhmíochta fuinnimh (Torthaí M&T) chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a chur ar aghaidh ar bhonn seasta. | Gearrthéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | A chinntiú go bhfuil spriocanna um Spáráil Fuinnimh á sásamh ag BOO Chiarraí. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Plean a fhorbairt chun riachtanais fhadtéarmacha atá Neodrach ó thaobh Carbóin de a shásamh. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |

## SPRIOC 4 / INBHUANAITHEACHT MAIDIR LE FUINNEAMH

| CUSPÓIRÍ | BEARTA | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| | An deis maidir le soilsiú cliste agus éifeachtach ó thaobh fuinnimh de a shuiteáil ar bhonn gnáthchleachtais a mheas ar fud Scoileanna agus Ionaid BOO Chiarraí ar fad. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Roghanna maidir le fuinneamh a ghiniúint suíomhoiriúnaithe (Tuirbíní Gaoithe/Bithmhais/ Cealla Fótavoltach) a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Cuirfidh fearais leictreacha a fháil leis an rátáil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh. | Meántéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| | Measúnú a dhéanamh ar Fhoirgnimh BOO Chiarraí chun a aithint chomh feiliúnach agus atá siad do dhoirse isteach/amach uathoibrithe a chur i bhfeidhm iontu chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Deiseanna togra maidir le fuinneamh gréine agus fuinneamh gaoithe a fhiosrú. | Meántéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| **Comhlíontacht leis an Treoir um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) a chinntiú** | Dea-bhainistiú maidir le DTLL agus ceallraí úsáidte a chur chun cinn go gníomhach ar fud BOO Chiarraí. | Fadthéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| **BOO Chiarraí a chur chun cinn mar an 'BOO Glas agus Inbhuanaithe'** | An straitéis inbhuanaitheachta agus eolas eile ábhartha, tionscnaimh etc. a chur ar fáil don phobal. | Gearrthéarmach | Oifigeach Cumarsáide |

## Spriocanna le bheith bainte amach faoi 2022

| SPRIOC | BEART |
|---|---|
| • **Laghdú intomhaiste ar Úsáid Iomlán Fuinnimh i gcomparáid leis an mbonnlíne bunaithe ag teacht leis an bplean gníomhaithe ar son na haeráide.** | **Laghdú 20%.** |
| • **Méadú intomhaiste i bhFuinneamh In-athnuaite ar an Láthair a Ghiniúint.** | **5% den fhuinneamh a ghintear a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.** |
| • **Méadú intomhaiste ar ábhair a úsáid arís/a athchúrsáil.** | **Méadú 10% i gcomórtas leis an mBonnlíne bunaithe.** |
| • **Dámhachtain ábhartha agus éachtaí aitheanta maidir le hInbhuanaitheacht Fuinnimh.** | **Le haithint.** |

# SPRIOC INBHUANAITHE 5 / **Bainistíocht Eastáit**

***Fócas na Sprice:*** *A chinntiú go gcuireann BOO Chiarraí nósanna imeachta Inbhuanaitheachta i bhfeidhm ar fud Scoileanna agus Ionad ar fad.*

**A ndéanaimid:**

## SPRIOC 5 / BAINISTÍOCHT EASTÁIT

SPRIOCANNA RÁITEAS STRAITÉISE BOO CHIARRAÍ: 3 / 9

| CUSPÓIR | SPRIOC | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| **Úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a dhéanamh agus tírdhreach nádúrtha i bpunann eastáit BOO Chiarraí a bhainistiú** | Gur treoraí é BOO Chiarraí maidir le Bainistiú Eastáit. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Go mbeadh inbhuanaitheacht ionchorpraithe i mbeartais agus i gcleachtais Soláthair BOO Chiarraí ar bhonn gnáthchleachtais. | Meántéarmach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Stiúrthóireacht |
| | Go mbeadh Oiliúint um Fhuinneamh san Oideachas ó SEAI curtha ar fáil do na feighlithe agus don fhoireann ábhartha ar fad. | Meántéarmach | An Grúpa um Feidhmiú |
| | 'Talamh' curtha i leataobh a bhunú ar thailte réadmhaoine BOO Chiarraí ar fad chun tacaíocht a thabhairt don dúlra, ag baint úsáid as plandaí atá báúil do phailneoirí. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Laghdú 50% a dhéanamh ar chomh minic agus a ghearrtar féar ar réadmhaoin eastát. | Gearrthéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Go sásóidh punann eastáit BOO Chiarraí spriocanna Náisiúnta fuinnimh inbhuanaitheachta agus spriocanna atá neodrach ó thaobh carbóin de. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Saoráid a aithint agus a fhorbairt i BOO Chiarraí chun Ionaid maidir le hInbhuanaitheacht a bhunú. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Leas a bhaint as an timpeallacht nádúrtha inár n-eastáit ar mhaithe leis an múineadh agus leis an bhfoghlaim agus sin a chur chun cinn. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Ceapadh carbóin trí chrainn dhúchasacha a chur a chur chun cinn. | Meántéarmach | Stiúrthóir NCOET |
| | Plean Pailneora na hÉireann a chur i bhfeidhm do gach scoil https://pollinators.ie/schools/ | Meántéarmach | Príomhoidí |
| | Léarscáil Gnáthóige a forbairt do thailte na Scoileanna/na nIonad ar leith ar fad. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |

## SPRIOC 5 / BAINISTÍOCHT EASTÁIT


| | SPRIOC | AMLÍNE | ATÁ FREAGRACH |
|---|---|---|---|
| | Clár BioBlitz a chur i bhfeidhm ar fud BOO Chiarraí, a bheidh á chur ar fáil ag Foireann IOPNCA. | Fadtéarmach | Stiúrthóir INOOL |
| | Deireadh de réir a chéile a chur le foireann BOO Chiarraí a bheith ag úsáid luibhicíde agus punann eastáit BOO Chiarraí á cothabháil. | Meántéarmach | An Fhoireann Ghlas |
| | Boscaí neadaireachta do ghabhláin gaoithe a chorprú i bhfoirgnimh a thógtar as an nua/pleananna forbartha nua. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |
| | Deiseanna bailithe báistí/caomhnaithe uisce ar fud shuíomhanna BOO Chiarraí ar fad a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. | Fadtéarmach | An Grúpa Forfheidhmiúcháin |

## Spriocanna le bheith bainte amach faoi 2022

| SPRIOCANNA | BEART |
|---|---|
| • **Tacaíocht a thabhairt don bhithéagsúlacht i ngach Scoil/Ionad/ Campas trí limistéir 'fhiáine' nó 'leathfhiáine' a phleanáil chun tacú le bithéagsúlacht.** | **Ar a laghad limistéar amháin a bheith curtha ar leataobh i ngach Scoil/Ionad /Campas.** |
| • **Roinnt tograí/comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla agus le grúpaí pobail.** | **Ar a laghad 1 Togra/Comhpháirtíocht.** |
| • **Dámhachtain ábhartha agus éachtaí aitheanta maidir leis an Inbhuanaitheacht bainte amach ag Scoil nó Ionad.** | **Le haithint.** |

# AGUISÍN I
# Próiseas Forbartha Straitéise

## PLEAN OIBRE GNÍOMHAÍOCHTA




**Fíor 8:** Plean Oibre Gníomhaíochta

1. **Feabhra 2020** - Léirithe spéise á lorg ó Fhoireann BOO Chiarraí chun Grúpa Oibre Inbhuanaitheachta a bhunú, comhdhéanta de thrí ionadaí ó gach aon cheann den 3 philéar i.e. Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, Scoil, an Óige agus an Ceol agus Breisoideachas agus Oiliúint.

2. **An 4 Márta 2020** - An Chéad Chruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre, aontaíodh Téarmaí Tagartha, rinneadh an stad reatha agus cuspóirí ardleibhéil a phlé agus aontaíodh clár gnímh.

3. **An 13 Bealtaine 2020** - Reáchtáladh an Dara Chruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre agus rinneadh dul chun cinn go dtí sin a phlé, rinneadh an Dréacht-straitéis a athbhreithniú, iarradh aiseolas agus aguisíní faoin 21 Bealtaine 2020.

4. **An 15 Meitheamh 2020** - Reáchtáladh an tríú cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre agus aontaíodh Dréacht-straitéis.

5. **An 17 Meitheamh 2020** – Scaipeadh Dréacht-straitéis ar fhoireann BOO Chiarraí ar ríomhphost ar mhaithe le comhairliúchán a fháil ar bhain spriocdháta i ndáil le haiseolas an 23 Meitheamh 2020 leis.

6. **An 21 Lúnasa 2020** - Reáchtáladh an ceathrú cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre chun an Dréacht-straitéis Leasaithe a athbhreithniú, iarradh aiseolas agus aguisíní faoin 28 Lúnasa 2020.

7. **An 31 Lúnasa 2020** – Scaipeadh Dréacht-straitéis ar fhoireann BOO Chiarraí ar ríomhphost ar mhaithe le comhairliúchán a fháil ar bhain spriocdháta i ndáil le haiseolas an 7 Meán Fómhair 2020 leis.

8. **An 22 Meán Fómhair 2020** - Athbhreithniú deiridh den Straitéis le bheith curtha faoi bhráid Bhord BOO Chiarraí lena cheadú.

# AGUISÍN II
# Gluais agus Liosta na bhFíoracha

## GLUAIS

| Giorrúchán | Míniú |
|---|---|
| PFC | Prótacal um Fhaisnéisiú Carbóin |
| CRF | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| GLOBE | Foghlaim Ilréimseach & Breathnuithe Ilréimseacha ar mhaithe leis an Timpeallacht |
| IOPNCA | Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne |
| INOOL | Ionad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh |
| ÚSS | Údarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| M&T | Monatóireacht & Tuairisciú |
| T&FE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SDGanna | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| SÓG | Scoileanna, an Óige agus Ceol |
| CGC | Coiste Gairmoideachais Contae |
| DTLL | Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach |

## LIOSTA FÍORACHA

**Fíor 1:** Láithreacha Ionaid BOO Chiarraí
**Fíor 2:** Struchtúir Eagrúcháin
**Fíor 3:** BOO Chiarraí - Croíluachanna Reatha
**Fíor 4:** Creat na Straitéise
**Fíor 5:** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna) - 17 Sprioc chun an Domhan a Fheabhsú
**Fíor 6:** Spriocanna Straitéise Inbhuanaitheachta
**Fíor 7:** Rialachas Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí
**Fíor 8:** Plean Oibre Gníomhaíochta

# SEIRBHÍSÍ AGUS Láithreachta BOO Chiarraí

1. An Cheannoifig Cóiríochta

**Bunscoileanna**
1. Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle, Cill Airne
2. Pobalscoil Náisiúnta Thathuile, Tathuile
3. Scoil an Ghleanna, Pobalscoil Náisiúnta

**Iar-Bhunscoileanna**
1. Coláiste Pobail Oileán Ciarraí
2. Scoil Chuimsitheach an Tóchair
3. Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
4. Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí
5. Coláiste Pobail Chill Airne
6. Coláiste Pobail Chill Orglan
7. Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail
8. Coláiste Gleann Lí, Trá Lí

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí)**
1. Coláiste Chiarraí, Campas Bhóthar na Claise
2. Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní
3. Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
4. Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile
5. Coláiste Chiarraí, Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer, Cill Orglan
6. Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála

**Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna**
1. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill
2. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair
3. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Neidín
4. Ionad Ealaíne Pobail agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin
5. Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)**
1. VTOS Thrá Lí
2. VTOS Chill Airne
3. VTOS Lios Tuathail
4. SDOG Chiarraí Theas & Youthreach, Cill Orglan (agus Ionad Oideachais Uí Chonaill do Dhaoine Fásta, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí).

**Litearthacht Aosach agus Bunoideachas**
1. Ionad Litearthachta Aosach & Bunoideachas Thrá Lí
2. An tIonad Litearthachta agus Bunoideachais do Dhaoine Fásta, Oileán Ciarraí
3. An tIonad Litearthachta agus Bunoideachais do Dhaoine Fásta, Cill Airne
4. An tIonad Litearthachta agus Bunoideachais do Dhaoine Fásta, Lios Tuathail

**Ógtheagmháil**
1. Ógtheagmháil Thrá Lí
2. Ógtheagmháil LCA, Áras an Phobail, Trá Lí
3. Ógtheagmháil Chill Airne
4. Ógtheagmháil Lios Tuathail

**Ionad Spóirt**
Tralee Regional Sports and Leisure Company (Faoi Theorainn Ráthaíochta)

**Seirbhísí For-rochtana**
Tá níos mó ná 100 ionad ar fud an chontae.

**Scoileanna Comhpháirtíochta**

| SCOIL | COMHPHÁTRÚN | IONADAÍOCHT AR BHORD BAINISTÍOCHTA |
|---|---|---|
| Pobalscoil Inbhear Scéine | **Comhphátrún** | 3 |
| Pobalscoil Chorca Dhuibhne | **Comhphátrún** | 3 |
| Scoil Phobail Sliabh Luachra | **Comhphátrún** | 3 |